An Roinn Oideachais
Department of Education

Ciorclán: 0041/2024

# Chuig: Údaráis Bhainistíochta agus Príomhoidí na nIar-bhunscoileanna Aitheanta

## Treoir in Iar-bhunscoileanna

### 1. Réamhrá

Sonraítear in Alt 9(c) den Acht Oideachais (1998) go n-úsáidfidh scoil na hacmhainní a bheidh ar fáil di chun “a chinntiú go mbeidh rochtain ag mic léinn ar threoir chuí chun cabhrú leo i dtaca lena roghanna oideachais agus gairme”. Sa chiorclán seo, cuirtear eolas ar fáil d’údaráis bhainistíochta agus do phríomhoidí maidir le treoir na scoile uile mar an tsamhail cleachtais iomchuí in iar-bhunscoileanna comhaimseartha.

Tá an ciorclán seo scríofa tar éis an Creat Straitéiseach Náisiúnta um Threoir ar feadh an tSaoil agus an Plean Gníomhaíochta Straitéiseach (2024-2030) atá in éineacht leis a bheith foilsithe. Laistigh den chreat, tá ceithre cholún agus ocht gcuspóir ann a chuireann bonn eolais faoi fhís shoiléir do threoir ar feadh an tsaoil in Éirinn. Sa chiorclán seo, cuirtear bunús ar fáil leis na coincheapa atá leagtha amach sa chreat a chur i bhfeidhm, chun tacaíocht agus neart a thabhairt don phleanáil agus cleachtas treorach laistigh den earnáil iar-bhunscoile.

### 2. Aidhm an chiorcláin seo

Is é aidhm an chiorcláin seo eolas a chur ar fáil d’iar-bhunscoileanna chun tacú le cur i bhfeidhm eolach phleanáil agus chleachtas treorach na scoile uile.

Is é seo an chéad chiorclán um threoir dá leithéid riamh. Arna thionscnamh ag forbairtí sna polasaithe a bhaineann le treoir ar feadh an tsaoil, athchóiriú na Sraithe Sóisearaí, athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí agus foilsiú an Ráitis Pholasaí agus an Chreata Chleachtais don Fholláine, sa chiorclán seo déantar na polasaithe a chomhtháthú agus a lárú a bhaineann le treoir in iar-bhunscoileanna.

### 3. Treoir na Scoile Uile (TSU)

De réir sainmhínithe, tá Treoir dírithe ar an duine agus iomlánaíoch. Tacaíonn Treoir le forbairt phearsanta agus shóisialta, forbairt oideachais agus forbairt gairme na scoláirí. Déanann Treoir na scoláirí a éascú agus a chumhachtú chun cinntí eolasacha agus roghanna eolasacha saoil a dhéanamh. Imríonn Treoir ról suntasach i dtacú le folláine scoláirí agus rannchuidíonn sí le hathléimneacht inmheánach agus athléimneacht sheachtrach a thógáil.

Is í TSU an tsamhail chomhaimseartha do threoir in iar-bhunscoileanna. Tacaíonn TSU le raon mór taithí foghlama éagsúil a chur i bhfeidm a chuirtear ar fáil do scoláirí in ord de réir a chéile, agus dírítear ar fhorbairt phearsanta/shóisialta, ar fhorbairt oideachais agus ar fhorbairt gairme. I measc na

taithí seo tá foghlaim sa seomra ranga, obair i ngrúpaí agus cruinnithe duine le duine. Cuirtear an clár TSU ar fáil chun freastal ar riachtanais treorach aitheanta phobal na scoile (tuismitheoirí/caomhnóirí/cúramóirí agus scoláirí). Ba chóir go mbeadh plean TSU i bhfeidhm ag gach scoil. Sa Nóta Faisnéise 0001/2024, tá mionsonraí faoi na gnéithe uile de TSU agus cuirtear samplaí praiticiúla ar fáil den chaoi a bhféadfaí í a fheidhmiú i scoileanna.

Tá an fhreagracht ar phobal uile na scoile as TSU. Ba chóir go mbeadh gníomhaíochtaí TSU bunaithe ar riachtanais na scoile. Is féidir le foireann treorach ainmnithe í a phleanáil agus a chur i bhfeidhm, ina bhfuil ról ríthábhachtach ag an treoirchomhairleoir.

## 4. Treoirchomhairleoirí

Tá décháilíocht ag treoirchomhairleoirí iar-bhunscoileanna. Tá clárú Bhealach 2 de chuid na Comhairle Múinteoireachta acu agus cáilíocht iomchuí sa treoirchomhairleoireacht. Cé gur féidir le ról an treoirchomhairleora a bheith éagsúil ó scoil go scoil, tá breac-chuntas ar na gníomhaíochtaí a dhéanann an treoirchomhairleoir go hiondúil leagtha amach sa doiciméad um Chreat Aitheantais Cláir (2016). Tá saineolas ag treoirchomhairleoirí agus tá sainoiliúint curtha orthu chun tacú le fobairt phearsanta/shóisialta, forbairt oideachais agus forbairt gairme na ndaltaí maidir le soláthar TSU.

Tabharfaidh treoirchomhairleoir faoi obair a dhéanamh le scoláirí sa seomra ranga, i ngrúpaí agus trí sheisiúin duine le duine, de réir mar is cuí. Má bhíonn cur chuige cothromaithe ann i dtreo am a bhainistiú thar ceann an treoirchomhairleora, cinnteofar go bhfreastalaítear ar riachtanais treorach uile na scoláirí (riachtanais phearsanta, shóisialta, oideachais agus ghairmeacha) chomh héifeachtach agus is féidir. Go ginearálta, moltar go mbeidh aon trian d'am sannta an treoirchomhairleora caite ag teagasc treorach sa seomra ranga agus go mbeidh dhá thrian den am curtha ar fáil d'obair i ngrúpaí agus do sheisiúin duine le duine. B'fhéidir go mbeidh roinnt ama sannta ag teastáil ó threoirchomhairleoirí chun suí ar an bhFoireann Tacaíochta do Scoláirí agus tascanna gaolmhara a chur i gcrích.

## 5. Riachtanais treorach scoláirí agus tuismitheoirí

Mar a nótáladh i bpointe 3 thuas, sa phlean TSU, taifeadtar gníomhaíochtaí TSU na scoile i mbliain acadúil ar leith. Déantar meastóireacht, athbhreithniú agus uasdátú air gach bliain. Agus plean TSU á chruthú, cuirtear san áireamh riachtanais aitheanta na scoláirí agus na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí/gcúramóirí.

Is féidir an cur chuige seo atá treoraithe ag sonraí i dtreo na pleanála a éascú ar bhealaí éagsúla. D'fhéadfaí suirbhé a dhéanamh ar ghrúpa scoláirí, mar shampla, nó d'fhéadfaí fócasghrúpaí machnamhacha le tuismitheoirí/caomhnóirí/cúramóirí/scoláirí a eagrú. Táthar ag súil go mbeidh leanúntas tacaíochta (treoir do gach duine, do roinnt daoine agus do chúpla duine) ann bunaithe ar riachtanais scoláirí roimh gach bliain acadúil agus atá léirithe sa Phlean TSU. D'fhéadfadh cúinsí agus riachtanais ar leith a bheith ag grúpaí scoláirí, scoláirí ar leith, agus tuismitheoirí/caomhnóirí/cúramóirí ina

.....

mbeadh tacaíocht ar leith de dhíth. Má dhírítear ar riachtanais nochta na scoláirí agus na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí/gcúramóirí ar threoir phearsanta/shóisialta/oideachais agus ghairme, d'fhéadfadh nuálaíocht agus éifeachtúlacht laistigh den phleanáil a bheith ann mar thoradh air.

Le cur chuige cuimsithe, bunaithe ar leanúntas tacaíochta (treoir do gach duine, do roinnt daoine agus do chúpla duine), táthar in ann acmhainní a úsáid go héifeachtach agus go héifeachtúil chun freastal ar riachtanais treorach ilchineálacha phobal na scoile. Má dhírítear ar chlár TSU atá deartha go huilíoch, uasmhéadófar an cuimsiú agus cuirfear tacaíochtaí spriocdhírithe ar fáil dóibh siúd a bhfuil siad ag teastáil uathu, agus cinnteofar go bhfuil rochtain ag scoláirí agus ag tuismitheoirí/caomhnóirí/cúramóirí ar an treoir iomchuí.

## 6. Scileanna um bainistiú gairme, rannpháirtíocht fostóirí agus conairí

Mar atá leagtha amach sa Chreat Straitéiseach Náisiúnta um Threoir ar feadh an tSaoil agus sa Phlean Gníomhaíochta Straitéiseach (2024-2030), má dhírítear ar scileanna um bainistiú gairme agus ar ghluaiseacht gairmeacha ar feadh an tsaoil, cothófar teanga na forbartha scileanna agus tabharfar cumhacht do scoláirí agus iad ag dul i ngleic lena n-oideachas iar-bhunscoile.

Tá cuid mhór deiseanna laistigh de na cláir fhoirmiúla, sheach-churaclaim agus chomhchuraclaim ina bhféadfadh baint a bheith ag scoláirí iar-bhunscoile le fostóirí. Má nochtar iad do shaol na hoibre agus má dhéantar machnamh ar an bhfoghlaim, is féidir leis seo an fhoghlaim eispéireasach a uasmhéadú agus is féidir roghanna oideachais agus gairmeacha bunaithe ar eolas a thionscnamh agus a fhorbairt mar chuid den TSU.

Chomh maith leis sin, d'fhéadfaí cothroime measa do na conairí éagsúla atá ar fáil agus atá ag leathnú amach tar éis oideachais iar-bhunscoile a thabhairt isteach go luath i dtaithí Shraith Shóisearach na scoláirí. I gCiorclán 0008/2023, cuirtear treoirlínte ar fáil do scoileanna faoin gcaoi inar féidir treoir phearsanta, shóisialta, oideachais agus ghairme a chur san áireamh sa chlár foghlama ag an tSraith Shóisearach.

## 7. Leithdháileadh maidir le Treoir

Tá an leithdháileadh maidir le treoir leagtha amach go mionsonraithe in Aguisín 3 de chiorcláin 0008, 0009 agus 0001/2024. Laistigh de na doiciméid seo, tugtar faoi deara gur chóir go mbeadh cothromaíocht iomchuí léirithe sa phlean TSU idir an t-am a chuirtear ar fáil do choinní scoláirí ar leith, soláthar ceachtanna/modúil treorach, agus gníomhaíochtaí eile a bhaineann le cúrsaí treorach.

San áireamh sa Phlean Gníomhaíochta Straitéiseach Náisiúnta um Threoir ar Feadh an tSaoil tá gníomhaíocht san áireamh, go ndéanfaidh an Roinn Oideachais breithniú ar éifeachtúlacht na samhla um threoir a leithdháileadh in iar-bhunscoileanna d'fhonn cáilíocht na seirbhísí treoirchomhairleoireachta a neartú.

.....

## 8. Ciorclán faoi threoir

Déanfar athbhreithniú agus uasdátú ar an gciorclán seo i gcomhréir leis an dul chun cinn atá déanta faoin bplean gníomhaíochta straitéiseach um threoir ar feadh an tsaoil.

Cuir an ciorclán seo faoi bhráid na foirne treorach, na dtreoirchomhairleoirí, agus na mball uile de phobal na scoile agus den bhord bainistíochta, le do thoil.

**Evelyn O' Connor,**



**Príomhoifigeach,**

**An tAonad um Beartais Churaclaim agus Measúnachta**

**26/04/2024**